



Is cúrsa é seo ina mbíonn an deis ag mic léinn an cleachtas cruthaitheach féin a fhorbairt taobh le scileanna teanga, taighde, agus anailíse sa Nua-Ghaeilge. Mar sin, más amhránaí tú, más aisteoir tú, más ceoltóir tú, más damhsóir tú, más file tú, más scríbhneoir cruthaitheach tú, nó má tá suim agat sna healaíona Gaeilge agus Gaeltachta i gcoitinne, beidh an cúrsa seo an-oiriúnach duitse.

Mar chuid den chúrsa seo, beidh deis agat féile bheag sna healaíona Gaeilge agus Gaeltachta a reáchtáil le do chomhscoláirí AGUS beidh deis agat socrúchán oibre a dhéanamh le **hOireachtas na Gaeilge**.

Foghlaimoidh tú faoin taighde ealaíonta agus conas cleachtas beo na n-ealaíon Gaeilge a fhí ar an taighde féin – is féidir, mar shampla, dul i mbun damhsa, ceoil, amhránaíochta, aisteoireachta, nó ceapadóireachta mar chuid de do mhórtoghra taighde. Chomh maith leis sin, is féidir leat an cleachtas cruthaitheach a chur chun cinn mar chuid de **NG636 Taighde Dána: Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge**. Deis iontach is ea í seo chun scileanna cruthaitheacha d'ardchaighdeán a fhorbairt mar chuid de chúrsa máistreachta sa Nua-Ghaeilge.



**Ollscoil  
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad



## MA Nua-Ghaeilge (Sruth 3): Taibhealaíona agus Traidisiún Bhéil na Gaeilge

### Struchtúr an Chúrsa

Iomlán na gCreidiúintí don Chúrsa Máistreachta: 90

Líon na gCreidiúintí do Mhodúil Riachtanacha: 80

Líon na gCreidiúintí do Mhodúil Roghnacha: 10

Modúil Riachtanacha	Seimeastar	Creidiúintí
NG637 Togra sa Taighde Ealaíonta <b>NÓ</b> NG699 Tráchtas	An bhliain ar fad	30
NG635 Féile Bheag	Seimeastair 1 & 2	10
NG636 Taighde Dána: Taibhealaíona agus Traidisiún Bhéil na Gaeilge	Seimeastar 1	10
NG628 An Ghaeilge Scríofa	Seimeastar 1	10
NG629 Cruinneas agus Ceart na Gaeilge	Seimeastar 2	10
NG606 Modheolaíocht 1	Seimeastar 1	5
NG616 Modheolaíocht 2	Seimeastar 2	5






<b>Modúil Roghnacha: Roghnóidh mic léinn 10 gcreidiúint ón liosta thíos</b>	<b>Seimeastar</b>	<b>Creidiúintí</b>
MD629 Screen Production: Formats and Genres	Seimeastar 2	10
MU672 Critical Approaches to Irish Traditional Music	Seimeastar 2	10
MU612a Sound Recording Techniques	Seimeastar 1	10
NG609 Ceird an Aistriúcháin	Seimeastar 2	5
NG622 Filíocht na Gaeilge agus Sochaí na hÉireann sa 19ú haois	Seimeastar 1	5
NG623 Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideas Éireann	Seimeastar 2	5
NG626 Eagrú agus Eagarthóireacht	Seimeastar 2	5
NG630 An Ghaeilge sna Meáin ó 2RN go dtí an Ré Dhigiteach	Seimeastar 1	10
NG631 An Scríbhneoireacht Ghairmiúil	Seimeastar 2	10
NG632 An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní	Seimeastar 1	10
NG633 Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge	Seimeastar 2	10



## Forléargas ar Mhodúil Nua sa Bhunachar Acadúil

### NG635 Féile Bheag – Seimeastar 1 AGUS Seimeastar 2

Is modúl praiticiúil é seo ina bhfaighidh mic léinn deis a gcuid scileanna i riarachán na n-ealaíon a fhorbairt trí shocrúchán gearr a dhéanamh le heagras Gaeilge nó pobail agus trí fhéile bheag a dhíríonn ar na healaíona Gaeilge a eagrú agus a rith i gcomhpháirt lena gcomhscoláirí faoi stiúir Roinn na Nua-Ghaeilge. Is gá dul trí phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don mhodúl seo. Féile bheag ar líne a chuirfear i gcrích más gá ag brath ar riachtanaisí sláinte agus slandála i gcomhtheacs paidéime.



### NG636 Taighde Dána: Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge – Seimeastar 1

Déanfar cíoradh ar thaibhealaíona agus ar thraidisiúin bhéil na Gaeilge idir theoiric agus chleachtas, agus forbrófar tuiscint na mac léinn ar Léann an Taibhléirithe agus ar Léann na Béalaireachta sa mhodúl. Gheobhaidh na mic léinn cur amach praiticiúil ar thraidisiúin bhéil agus ar thaibhealaíona na Gaeilge chomh maith, agus forbrófar scileanna anailíse agus cumas cruthaitheach na mac léinn in éineacht dá réir sin. Beidh rogha ag an mac léinn gnéithe praiticiúla a bhaineann leis na healaíona traidisiúnta agus/nó comhaimseartha a chur i gcrích mar chuid de mheasúnú an mhodúil seo agus beidh deis ann dá réir do mhic léinn a gcleachtas chruthaitheacha féin a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge. Cuirfear teagasc an mhodúil seo i gcrích ar líne más gá ag brath ar riachtanaisí sláinte agus slandála i gcomhtheacs paidéime.



### NG637 Togra sa Taighde Ealaíonta (30 creidiúint; an bhliain acadúil ar fad)

Taighde ealaíonta trí mheán na Gaeilge in aon ghné nó réimse d'ealaíona traidisiúnta nó comhaimseartha na Gaeilge agus na Gaeltachta, mar shampla an ceol, an amhránaíocht, an damhsa, an traidisiún béil, an amharclannaíocht, an scannánaíocht, an scríbhneoireacht chruthaitheach, nó aon ábhar cruthaitheach oiriúnach eile. Bíonn ionad lárnach ag an gcleachtas cruthaitheach sa taighde ealaíonta agus mar sin bíonn an ghné phraiticiúil go mór chun cinn. Déanfar an togra a dhearadh de réir riachtanaisí an taibhléirithe nó na n-ealaíon cruthaitheach i gcomhpháirt leis an bhfoireann stiúirthoireachta. De ghnáth bíonn cuid scríofa agus cuid phraiticiúil i gceist, ach tá an-solúbthacht ann maidir le dearadh an togra.



**Tuilleadh eolais:** Triona Ní Shíocháin, Ollamh le Nua-Ghaeilge agus le Taibhealaíona

**R-phost:** [triona.nishiochain@mu.ie](mailto:triona.nishiochain@mu.ie) nó [nua.ghaeilge@mu.ie](mailto:nua.ghaeilge@mu.ie)

**Próifil:** <https://maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish/our-people/tollamh-tr-ona-n-sh-och#1>

**Spriocdháta d'iarrataisí:** 30 Meitheamh 2021

**Iarratas ar líne amháin:** <http://www.pac.ie/maynoothuniversity>

**Cód PAC:** MHU50 Lánaimseartha, MHU51 Páirtaimseartha

Iniúchadh gan Teorainn

Fiosracht gan Teorainn

Cruthaitheacht gan Srian



#BíLinn





MA Nua-Ghaeilge  
Ollscoil Mhá Nuad  
[Nua.ghaeilge@mu.ie](mailto:Nua.ghaeilge@mu.ie)